AN COIMISIÚN EORPACH
ARD-STIÚRTHÓIREACHT NA SOGHLUAISTEACHTA AGUS AN IOMPAIR

Stiúrthóireacht C – Talamh
C.1 — Iompar de Bhóthar

NÓTA

maidir le cleachtais forfheidhmiúcháin Airteagal 8(8) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 maidir leis an toirmeasc ar thréimhsí scíthe seachtainiúla rialta a ghlacadh i bhfeithicil

Baineann an nóta seo le cur chun feidhme agus forfheidhmiú na mbeart lena gcuirtear cosc ar thiománaithe tréimhsí scíthe seachtainiúla rialta a chaitheamh san fheithicil, mar a leagtar síos in Airteagal 8(8) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ([1]).

Leagtar amach ann dearcadh sheirbhísí an Choimisiúin ar an ábhar sin. Is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus í sin amháin, atá inniúil ar dhlí an Aontais a léirmhíniú.

Comhthéacs

Tá sé curtha ar a shúile don Choimisiún cúpla uair go bhfuil roinnt údarás náisiúnta ag éileamh ar thiománaithe, le linn seiceálacha cois bóthair, fianaise a chur ar fáil, amhail billí óstáin, chun a chruthú gur chaith siad a dtréimhsí scíthe seachtainiúla rialta i gcóiríocht leordhóthanach lasmuigh den fheithicil.

Creat dlíthiúil

Le hAirteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014([2]) maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, soláthraítear liosta uileghabhálach de na taifid atá le hiompar agus le cur ar fáil ag an tiománaí arna iarraidh sin d'oifigeach rialaithe. Is iad seo a leanas na taifid sin: na leatháin taifid, an cárta tiománaí má tá ceann i seilbh an tiománaí, agus aon taifid de láimh agus aon asphriontaí (i gcás tacagraif analógacha), nó aon taifid de láimh agus aon asphriontaí agus an cárta tiománaí (i gcás tacagraif dhigiteacha) ([3]) .

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann leis an iompar de bhóthar, agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2135/98 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle (IO L 102, 11.4.2006, lch. 1).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar (IO L 60, 28.2.2014, lch. 1).

([3]) De bhun Airteagal 36(3), mura dtabharfaidh an tiománaí na doiciméid sin ar aird, féadfaidh an t-oifigeach rialaithe doiciméid tacaíochta eile a éileamh lena dtugtar údar le foráil a bheith gan comhlíonadh.

Sonraítear in Airteagal 34(3) de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 nár cheart do na Ballstáit ceanglas a fhorchur ar thiománaithe foirmeacha a chur isteach chun a gcuid gníomhaíochtaí fad is a bhí siad ar shiúl ón bhfeithicil a fhianú.

Le hAirteagal 4(6) de Threoir 2006/22/CE ([4]), leagtar síos oibleagáid maidir le cúnamh idir na Ballstáit a mhéid a bhaineann lena sheiceáil go bhfuil na rialacha maidir le tréimhsí tiomána agus tréimhsí scíthe á gcomhlíonadh.

> *'Más rud é, i gcás torthaí seiceála cois bóthair i mBallstát, a dhéantar ar thiománaí feithicle atá cláraithe i mBallstát eile, gur forais iad na torthaí sin lena chreidiúint go ndearnadh sáruithe nach féidir a shuíomh le linn na seiceála de dheasca easpa sonraí riachtanacha, tabharfaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann cúnamh dá chéile chun an cás a shoiléiriú.'*

Soiléiriú

Mar a mhínítear sna Ceisteanna agus Freagraí a d'fhoilsigh an Coimisiún i dtaca leis na rialacha maidir le tréimhsí tiomána agus tréimhsí scíthe ([5]) (Ceist 6), féadfar fíneáil a ghearradh ar thiománaithe nó ar fhostóirí as neamhchomhlíonadh an toirmisc ar scíth sheachtainiúil rialta (nó scíth is faide ná 45 uair an chloig a thógtar mar chúiteamh) a thógáil san fheithicil i gcás ina mbeirtear orthu/ar a dtiománaithe agus scíth sheachtainiúil rialta á glacadh acu laistigh den fheithicil tráth an rialaithe.

Ní mór a shoiléiriú go bhfuil cead ag an lucht forfheidhmiúcháin cois bóthair, agus iad i mbun a gcuid dualgas, a iarraidh ar thiománaithe cén áit ar chaith siad a scíth sheachtainiúil rialta. Mar sin féin, de bhun Airteagal 34(3) de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014, ní fhéadfaidh údaráis na mBallstát ceanglas a fhorchur ar thiománaithe doiciméid a sholáthar chun a gcuid gníomhaíochtaí fad is a bhí siad ar shiúl ón bhfeithicil a fhianú chun comhlíonadh Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a chruthú. Mar thoradh air sin, ní féidir leis an lucht forfheidhmiúcháin cois bóthair fíneáil a ghearradh ar thiománaithe as gan na doiciméid sin a thaispeáint. Dá bhrí sin, i gcomhthéacs seiceálacha cois bóthair, ní mór comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos faoi Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a sheiceáil ar bhonn na ndoiciméad dá dtagraítear in Airteagal 36. Tá an méid sin gan dochar don tiománaí doiciméid eile amhail billí óstáin a thaispeáint ar bhonn deonach chun an tseiceáil cois bóthair a éascú.

Mar a leagtar amach in Airteagal 36(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/22/CE, aon uair a iarrann oifigeach rialaithe údaraithe a dhéanann seiceálacha cois bóthair amhlaidh, ní mór do thiománaithe a gcárta tiománaí agus na leatháin taifid don lá sin agus do na 28 lá roimhe sin ([6]) a thabhairt ar aird, chomh maith le haon taifid de láimh agus aon asphriontaí don tréimhse chéanna. Ní mór na sonraí sin gníomhaíochtaí uile na dtiománaithe (e.g. tiomáint, obair eile) agus a dtréimhsí neamhghníomhacha (e.g. iad a bheith saor, sosanna agus tréimhsí scíthe) le linn na 28 lá roimhe sin a chumhdach, gan beann ar an mBallstát inar oibrigh an tiománaí

([4]) Treoir 2006/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le coinníollacha íosta le haghaidh chur chun feidhme Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le reachtaíocht shóisialta a bhaineann le gníomhaíochtaí iompair de bhóthar agus lena n-aisghairtear Treoir 88/599/CEE ón gComhairle (IO L 102, 11.4.2006, lch. 35).

([5]) https://transport.ec.europa.eu/transport-modes/road/mobility-package-i/driving-rest-times_en

([6]) Ón 31 Nollaig 2024 ar aghaidh, déanfar é sin a mhéadú go dtí na 56 lá roimhe sin i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/1054

agus/nó inar ghlac sé a scíth. Tá feidhm aige sin freisin maidir le seiceálacha ar Airteagal 8(8) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 lena gceanglaítear ar thiománaithe a scíth sheachtainiúil rialta a chaitheamh i gcóiríocht oiriúnach. Dá bhrí sin, ní choisceann aon ní ar na Ballstáit comhlíonadh Airteagal 8(8) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2005 a rialú i dtaca leis an tréimhse/na tréimhsí scíthe a tógadh sna seachtainí roimhe sin agus/nó i mBallstát eile, fad atá na tréimhsí scíthe sin laistigh den tréimhse rialaithe dá dtagraítear in Airteagal 36(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 165/2014.

I gcásanna ina n-aithnítear le reachtaíocht náisiúnta na mBallstát gur cruthúnas bailí é admháil ó bhéal ón tiománaí chun sárú ar Airteagal 8(8) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a shuíomh, ní choisceann aon ní sa Rialachán sin ná i Rialachán (AE) 165/2014 ar na húdaráis náisiúnta fíneáil a eisiúint ar an mbonn sin.

I gcás ina bhfuil amhras faoi shárú ar an toirmeasc ar scíth sheachtainiúil rialta a ghlacadh san fheithicil, sárú nach féidir a shuíomh de dheasca easpa sonraí le linn an rialaithe cois bóthair, moltar do na húdaráis náisiúnta leas a bhaint as an bhféidearthacht maidir le cúnamh frithpháirteach a leagtar amach in Airteagal 4(6) de Threoir 2006/22/CE.